
# Nuachtlitir Mhatamaitice SSM

**Eagrán 3**


## Fáilte

Fáilte chuig an tríú heagrán de Nuachtlitir Mhatamaitice SSM. Ba chúis mhór áthais dúinn deis a bheith againn casadh le breis agus 1500 múinteoir i gceardlanna don dara hábhar i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair. Táimid ag leanúint orainn, ar fud na tíre, ag plé le múinteoirí Matamaitice a bhíonn ag an gcnuaslá FGL reatha. In 2020, idir mí Eanáir agus mí Bealtaine, tarlóidh an chéad Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB 1), Imscrúdú Matamaiticiúil, agus Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí. Táimid ag súil go mór le cloisteáil faoi fhoghlaim scoláirí trí MRB 1 agus faoi eispéiris na múinteoirí a bhíonn rannpháirteach sna cruinnithe AFMÁ.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach




I mí na Samhna cuireadh tús le cnuaslaethanta FGL agus le leathadh amach an tríú lá FGL i sainábhar do mhúinteoirí Matamaitice ar fud na tíre. I rith an lae, déantar iniúchadh ar úsáid na n-intinní foghlama agus na gcritéar ratha i seomraí ranga na matamaitice i gcomhthéacs obair scoláirí. Breathnaítear sa seisiún seo ar úsáid na gcritéar ratha chun deis a thabhairt do scoláirí machnamh ar a gcuid oibre féin, mar chreat solúbtha don fhéinmheasúnú, agus mar scafall chun na Gnéithe Cáilíochta a úsáid níos faide anonn.




Tarlaíonn díospóireachtaí gairmiúla agus comhoibriú roinne agus is amhlaidh a fhorbraítear comhthuiscint ar cháilíocht foghlama an scoláire. Agus múinteoirí ag ullmhú chun dul i ngleic le cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe mar chuid den tsraith shóisearach, mínítear na mionsonraí maidir leis na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun an leibhéal gnóthachtála sna Measúnuithe Rangbhunaithe a shocrú.




Fiosraíonn múinteoirí an úsáid a bhaintear as sonraí uathúla agus as an Timthriall um fhiosrú staitistiúil chun foghlaim scoláirí a spreagadh i staitisticí. Is príomhghnéithe iad i seisiún na hiarnóna na heispéiris foghlama ina n-úsáidtear sonraí i gcomhthéacs agus Foireann Uirlisí SSM don Fhiosrú Staitistiúil mar atá sa léaráid ar dheis. Spreagtar múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar smaointe agus ar eolas a roinntear i rith na ceardlainne agus na chéad chéimeanna eile mar ranna ábhair agus ina gcleachtas aonair araon a phleanáil.


Tá teacht ar na hábhair uile ó na laethanta FGL reatha agus na cinn a tharla roimhe seo sa rannóg Tacaí FGL [anseo.]

## Measúnuithe Rangbhunaithe




Ní mór do mhúinteoirí na [Treoirlínte Measúnaithe do Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí] a léamh agus muid ag tabhairt faoi chleachtais nua i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí. Le linn an MRB agus an chruinnithe AFMÁ, ba chóir do mhúinteoirí breathnú ar an bhfoilseachán is déanaí de na Treoirlínte Measúnaithe ata ar fáil ag www.curriculumonline.ie.


Rinne Foireann Mhatamaitice SSM tacaí eile a fhorbairt don dá MRB le déanaí agus tá siadsan ar fáil ar rannóg an Mheasúnaithe den suíomh gréasáin anseo. Iarraimid ar mhúinteoirí úsáid a bhaint as an doiciméad Ceisteanna Coitianta a Chuirtear, chomh maith leis na Treoirlínte Measúnaithe don Mhatamaitic, sa chás go mbíonn fiosrúcháin ann i dtaca le hullmhúcháin i gcomhair MRBnna agus MRBnna a chur i gcrích.




Seans gur mhaith le múinteoirí a bhíonn ag cur an timthrialla um réiteach fadhbanna agus an Imscrúdaithe Mhatamaiticiúil i láthair scoláirí, Foireann Uirlisí Réiteach Fadhbanna SSM a úsáid, a léiríodh i gceardlann FGL 2018 -2019. Tá póstaeir do na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh MRB 1 agus MRB 2 le fáil anseo. Thairis sin, tá Acmhainn Idirghníomhach sna Treoirlínte Matamaitice don tSraith Shóisearach do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe; agus moltar do mhúinteoirí iad sin a úsáid mar roinn ábhair mar ullmhúchán do na Measúnuithe Rangbhunaithe.

## Seimineáir Ghréasáin

Bhí ár gcéad seimineár gréasáin againn ar 4ú Nollaig 2019, 'Ag Ullmhú i gcomhair Measúnú Rangbhunaithe 1: Imscrúdú Matamaiticiúil & Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)'. Tugadh léargas sa seimineár gréasáin seo ar na hamanna atá i gceist do MRB 1 agus fiosraíodh conas is féidir le múinteoirí cabhrú le foghlaim scoláirí roimh agus le linn an MRB, chomh maith le hullmhúchán i gcomhair chruinniú AFMÁ agus páirt a ghlacadh ann.




Roinn Comhlaigh Mhatamaitice SSM cleachtas, smaointe agus comhairle ar a gcuid scoláirí a ullmhú le gcomhair an Imscrúdaithe Mhatamaiticiúil bunaithe ar a dtaithí ina scoil féin, leithéidí eispéiris foghlama shaibhre thascbhunaithe a úsáid, aiseolas foirmitheach a thabhairt, dul i dtaithí ar an timthriall um réiteach fadhbanna, meon imscrúdaitheach a chur chun cinn agus an cumas chun ceisteanna a chur a fhorbairt.

Roinneadh acmhainn an tráthnóna sin, atá le feiceáil ar chlé, chun cabhrú le scoláirí oiriúnacht a nImscrúdaithe Mhatamaiticiúil a mheas i dtéarmaí na gceithre réimse ghníomhaíochta a bhaineann le MRB 1 agus machnamh a dhéanamh ar roinnt de na roghanna a dhéanfaidh siad dá MRB féin.

Ar deireadh, pléadh ceisteanna a bhaineann le hullmhúchán i gcomhair, le linn agus i ndiaidh chruinniú AFMÁ. Tugtar treoir i bhFoireann Uirlisí CNCM atá ar fáil trí www.ncca.ie/juniorcycle ar phróiseas an chruinnithe AFMÁ. Faoi mar atá le gach seimineár gréasáin de chuid an SSM, tá teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin agus ar na hacmhainní a roinneadh an tráthnóna sin anseo sa rannóg Sraith Seimineáir Ghréasáin.

## ETI(E)M

Is é an téama le haghaidh ETI(E)M 2020 sa tSraith Shóisearach ‘GLÚIN AN REITIGH’ ‘Is é mo sheomra ranga inniu todhchaí an domhain – todhchaí a d’fhéadfadh a bheith maith nó olc’ (Ivan Welton Fitzwater).

Tá an domhan ag athrú ar luas lasrach. Chun freagairt do dhúshláin éiritheacha an ama atá le teacht, is gá dúinn a chur ar chumas ár ndaoine óga smaoineamh, roghnú agus a bheith nuálach ar bhealaí a chuirfidh lenár saol, ár bpobal agus an domhan, agus a chothóidh iad, idir anois agus san am neamhaithnid atá le teacht. Is ar an tuiscint sin atá an téama i gcomhair ETI(E)M 2020 sa tSraith Shóisearach bunaithe.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus níos mó eolais a fháil, téigh chuig https://www.jct.ie/steAm/steAm nó lean sinn ar Twitter @JctSteAm. Is féidir clárú le haghaidh ETI(E)M 2020 anseo.

## Fan i dteagmháil



Tá iliomad bealaí le fanacht i dteagmháil le Foireann Mhatamaitice SSM:

1. Cláraigh ar ár liosta seoltaí
2. Lean muid ar Twitter @jctmaths
3. Téigh ar cuairt chuig an leathanach gréasáin

https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/maths_ga

Le dea-mhéin,

Foireann Mhatamaitice SSM.